Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2025

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

Gaeilge

Páipéar 1:
Léitheoireacht

MV24

[G9574]

THURSDAY 29 MAY, AFTERNOON
DÉARDAOIN 29 BEALTAINE, IARNÓIN

Am

1 uair 30 bomaite, agus an t-am breise atá ceadaithe duit.

Treoir d'larrthóirí

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.
Ná scríobh ar leathanaigh bhána.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin.
Ná scríobh le peann glóthaí.
Freagair **gach** ceist.

Eolas d’larrthóirí

Tá **60** marc ar fad ag dul don pháipéar seo. Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ag deireadh gach ceiste na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist. Gheobhaidh tú iatán sa pháipéar seo atá le húsáid le **ceist 2(a) agus (b)**.
Ná scríobh do fhreagraí san iatán seo.

1 Léigh an sliocht seo go cúramach agus freagair na ceisteanna a leanas.

Bhí lá mór ag Gaelscoil na Camóige i gCluain Dolcáin, Baile Átha Cliath, ar na mallaibh. Bhí siad ag ceiliúradh tríocha bliain ar an tsaol. Tríocha bliain ag tabhairt seans do pháistí na háite greim a fháil ar an Ghaeilge, fiú is gan í á labhairt ag formhór a dtuismitheoirí.

Cuid thábhachtach d'athbheochan na Gaeilge iad na gaelscoileanna, agus aithnítear Cluain Dolcáin anois ar na ceantair is mó a bhfuil Gaeilge ann i mBaile Átha Cliath.

Bhí tuismitheoirí, iardhaltaí agus páistí an lae inniu i láthair ag ceiliúradh is ag míniú a scéil do **Cúla 4** go bródúil soiléir. Ach ní raibh na huaisle ann.

Is léir tionchar na scoile sa cheantar. Téann an chuid is mó de na páistí ar an tsráid ina bhfuil cónaí orm féin go dtí Gaelscoil na Camóige, agus is deas an rud é a bheith ag éisteacht leo ag labhairt le chéile as Gaeilge

agus iad ag súgradh fiú, nó, go speisialta, nuair a bhíonn páistí gan Ghaeilge in aice leo.

Ach má tá Gaelscoil na Camóige tríocha bliain ar an tsaol, fós féin níl aon fhoirgneamh aici. Foirgnimh réamhdhéanta atá in úsáid, agus a bhí ó bunaíodh an scoil. Foirgnimh réamhdhéanta atá deacair a choimeád te sa gheimhreadh nó fionnuar ceart sa tsamhradh.

Go deimhin is cuimhin liom roinnt blianta ó shin go raibh ceiliúradh eile ag an scoil nuair a fuair siad foirgnimh réamhdhéanta nua in ionad na seancheann lofa a bhí ag titim as a chéile.

Tá Gaelscoil na Camóige ar an liosta le foirgneamh ceart a fháil le fada an lá, agus fós níor cuireadh tús le tógáil na scoile nua.

Ag an am chéanna, tá scoileanna Béarla sa phríomhchathair, ceann i ndiaidh a chéile, ag dul de léim chun tosaigh uirthi ar an liosta. Ní de thimpiste a tharlaíonn a leithéid, ach toisc nach bhfuil aon spéis ag an Roinn

Oideachais (ná ag airí oideachais ach an oiread) an t-oideachas Gaeilge a chur chun cinn. Is mar gheall air sin a thugtar an Roinn éadóchais uirthi.

Is fiú a thabhairt faoi deara nár tháinig aon ghaelscoil ar an tsaol mar gheall ar thionscnaíocht na Roinne Oideachais. Ba dhaoine áitiúla, i ngach aon chás, a raibh sé de dhúthracht is de dhiongbháilteacht iontu gan glacadh leis na constaicí a chuir an Roinn Oideachais sa bhealach orthu is a chinntigh go raibh gaelscoil ann.

Tá Gaelscoil na Camóige suite ar shuíomh de chuid Áras Chrónáin, an foras cultúrtha áitiúil a thugann deis do lucht na Gaeilge teacht le chéile, le ceol, ranganna is siamsa. Ar ndóigh, tá fás an Árais féin teoranta mar gur tugadh an suíomh don ghaelscoil.

Tá na deacrachtaí céanna ag Gaelscoil na Camóige agus atá ag gaelscoileanna eile ar fud na tíre, agus moill fhada orthu sula bhfaigheann siad a gcearta.

Mar is ceart atá ann, cé nach n-aithníonn an Roinn Oideachais é, nó le bheith ionraic, an stát féin. Beidh an corrfhocal deas ó aire oideachais, ach ní bheidh aon ghníomh ná plean oibre ann le gaelscolaíocht a leathnú amach.

Ó shuirbhéanna a rinneadh, is léir go bhfuil i bhfad níos mó éilimh ar ghaelscolaíocht ná atá spásanna. I gCluain Dolcáin, tá dhá ghaelscoil ann, agus trí naíscoil, is níl áit sa ghaelscoil do gach dalta atá ag iarraidh dul isteach inti.

I mBaile Néill i dtuaisceart Chluain Dolcáin, ceantar den aicme oibre ar fad, níl aon ghaelscoil ann is níor éirigh le tuismitheoirí na háite aon chabhair a fháil ón Roinn Oideachais chun a leithéid a chur ar fáil. Tá deis na Gaeilge á séanadh ar pháistí an cheantair sin.

Cinnte, tagann cleachtas na Roinne salach ar aidhmeanna an stáit, nó na haidhmeanna a mhaítear a bheith aige ar a laghad, ach cé atá ag gearán? Ní dóigh le polaiteoir ar bith go gcaillfeadh sé nó sí vótaí mar gheall ar an fhaillí seo sa teanga.

Leathanach Bán

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

(a) Cuireann an sliocht síos ar stádas Ghaelscoil na Camóige/Chluain Dolcáin. Aimsigh cúig phíosa eolais a léiríonn sin.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt. [1 mharc do gach ceann]

1. _____

_____

_____

_____

2. _____

_____

_____

_____

3. _____

_____

_____

_____

4. _____

_____

_____

_____

5. _____

(b) Cad iad na tuairimí atá ag an scríbhneoir maidir le cúrsaí foirgnimh?

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.
[4 mharc do gach ceann]

1. _____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

2. _____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

(c) Níl an t-údar sásta leis an Roinn Oideachais. Mínigh trí dhóigh a léirítear sin.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt. [2 mharc do gach ceann]

1. _____

_____

_____

_____

2. _____

_____

_____

_____

3. _____

_____

_____

_____

(d) Luaigh ceithre dhóigh ar éirigh leis an údar a chur in iúl don léitheoir go bhfuil fadhbanna le sárú ag gaelscoileanna.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt. [2 mharc do gach ceann]

1. _____

_____

_____

_____

_____

2. _____

_____

_____

_____

_____

3. _____

_____

_____

_____

_____

4. _____

_____

13 [Tiontaigh an leathanach

2 Úsáid an t-iatán "Athrú Aeráide" chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

(a) (i) Scríobhadh an t-alt le cur in iúl dúinn faoin athrú aeráide. Cad é an fhianaise atá le léamh sa téacs go bhfuil athruithe ag tarlú i ngach réigiún den domhan? [4 mharc]

(ii) Aimsigh sa téacs dóigheanna a léiríonn go bhfuil an duine freagrach as an athrú aeráide. [4 mharc]

Úsáid an t-iatán "Athrú Aeráide" chun an cheist seo a leanas a fhreagairt.

(b) Scríobh alt a chuireann síos ar an dóigh a mbaineann údar an tsleachta úsáid as teanga le dul i bhfeidhm ort agus é ag cur síos ar iarmhairtí ón athrú aeráide dár saol agus an dóigh ar féidir dul i ngleic leis.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt. [15 marc]

3 Aistrigh an sliocht seo a leanas go Béarla. [10 marc]

Ní gaoth olc a shéid de bharr binne mé cúpla mí ó shin – tá an locht sin ormsa a léim as mo stuaim féin ó Loch Garman go farraigí fuara Mhuir Éireann – ach más olc an toradh a bhí ar an léim chéanna, tá mé an-sásta gur shéid sí soir ó thuaidh ina dhiaidh sin go Reachlainn.

Bhí rún agam siúlóid mhór fhada a dhéanamh sna cnoic ag tús mhí na Bealtaine, ach nuair a chuaigh rudaí amú ag an chúrsa tarrthála farraige a bhí mé a dhéanamh i Loch Garman i mí Aibreáin, b'éigean dom na pleananna sin a chur ar ceal agus plean nua a cheapadh.

Ba mhian liom go fóill am a chaitheamh in oirthuaisceart na tíre agus thit mo shúil ar charraig amach ó chósta Aontroma – Reachlainn. Bhí roinnt d'fhíseáin an iriseora Ciarán Dunbar feicthe agam ina gcuireann sé síos ar an chineál Gaeilge a labhraíodh tráth san oileán.

Ar an drochuair, thiomáin mé trí Bhéal Feirste lá mór an mharatóin agus b'éigean dom turas mór fada timpeall na cathrach a dhéanamh sular éirigh liom bóthar ó thuaidh nach raibh druidte a aimsiú. Thuig lucht an bháid mo chás go maith agus d'aistrigh siad mo thicéad go bád níos moille sa lá. Ba ón bhád farantóireachta sin a fuair mé an chéad radharc ar Albain amach ó chósta na hÉireann.

Seo Deireadh an Scrúdpháipéir

Leathanach Bán

FOINSÍ

C1 . . . . © *Athchóiriú ar alt le Eoin Ó Murchú in tuairisc.ie, Dé Luain, 2 Deireadh Fómhair 2023*
C3 . . . . © *Athchóiriú ar alt "Dhá rud ar leith a mheall go Reachlainn mé – na héin agus an teanga" le Maitiú Ó Coimín*

Don Scrúdaitheoir amháin	
Ceist	**Marcanna**
1(a)	
1(b)	
1(c)	
1(d)	
2(a)	
2(b)	
3	
Iomlán na marcanna	

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2025

Gaeilge

Páipéar 1:
Léitheoireacht

MV24

[G9574]

THURSDAY 29 MAY, AFTERNOON
DÉARDAOIN 29 BEALTAINE, IARNÓIN

Iatán

Le húsáid le ceist 2.
Ná scríobh do fhreagraí san iatán.

2. Athrú Aeráide

Tá an t-athrú aeráide ag tarlú ar ráta dochreidte i ngach réigiún ar fud an domhain, de réir thaighde na Náisiún Aontaithe. Tá an teas domhanda ag ardú, oighear an Artaigh ag leá agus leibhéal na farraige ag ardú. Caithfear laghdú a dhéanamh go práinneach ar aischur dé-ocsaíd charbóin le dul i ngleic leis an dochar a dhéantar don phláinéad. Deir saineolaithe gurb é tionchar an duine is cúis leis. Is bagairt shuntasach é don tsaol nádúrtha, do ghnólachtaí, don tsláinte agus do réimsí an domhain. Tá fíor-dhrochaimsir, báisteach throm agus triomaigh uafásacha ag éirí níos coitianta in áiteanna éagsúla. Is minic a bhíonn iarmhairtí ag triomaigh ar na córais iompair, ar thalmhaíocht, ar fhoraoiseacht agus ar bhithéagsúlacht. Laghdaítear leibhéil uisce in aibhneacha maraon le fás crann agus barr.

Tá an iomarca breoslaí iontaise – gual, ola agus gás – á ndó againn a chuireann go mór le hathrú domhanda, le breis agus 75% d'astuithe gáis cheaptha teasa domhanda agus beagnach 90% de na hastuithe dé-ocsaíde carbóin ar fad. Cuirtear breis CO_2 san atmaisféar nuair a dhóitear breoslaí iontaise. Bíonn níos mó teasa á cheapadh san atmaisféar nach féidir leis éalú. Mar sin, tá an domhan ag éirí níos teo. Cruthaíonn seo go leor rioscaí do shláinte an duine agus do gach cineál eile beatha ar domhan. Is tír í an Aetóip a mhothaíonn tionchar mór. Cuireann talmhaíocht agus dífhoraoisiú a dhéanann daoine lena leathadh freisin.

Tá Rialtas na hÉireann ag déanamh a dhíchill chun tabhairt faoin dúshlán ach tá gá le cur chuige straitéiseach buan maidir le dícharbónú. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh ról ag gach duine, an rialtas san áireamh, sa chur chuige sin. Mura ndéantar laghdú láithreach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ní bheidh sé indéanta feasta an t-ardú ar theas domhanda a choinneáil ag 1.5°C nó fiú 2°C.

Is léir go bhfuil géarchéim thromchúiseach aeráide againn ach tá dóigheanna ann lena sárú. Tá an t-Aontas Eorpach tar éis ceangal dlí a chur lena spriocanna aeráide a bhaint amach faoi 2050. D'fhógair Parlaimint na hEorpa Comhaontú Glas don Eoraip ar 11 Nollaig 2019. Táthar ag súil go spreagfaidh an plean infheistíochta don Mhargadh Ghlas ar a laghad €1 trilliún d'infheistíocht phoiblí agus phríobháideach faoi 2030. Gealltar go gcuirfear 3 bhilliún crann breise ar a laghad san Aontas Eorpach faoi 2030.

Tá bealaí ann dúinn a bheith ag cuidiú. Fás do chuid féin! Déan iarracht do chuid torthaí, glasraí agus luibheanna a fhás. Cuidíonn na plandaí le gás ceaptha teasa dé-ocsaíd charbóin a bhaint ón aer. Laghdaigh do lorg carbóin ach níos lú fuinnimh a úsáid. Is féidir seo a dhéanamh ach soilse a mhúchadh nuair nach n-úsáidtear iad. Bíonn fuinneamh á úsáid againn nuair a chuirtear solas nó teas ar siúl, nuair a úsáidtear iompar poiblí, earraí leictreacha nó nithe a táirgeadh i monarcha. Laghdaigh an dramhaíl trí athchúrsáil. Déan iarracht a laghad plaisteach agus is féidir a úsáid ach buidéil in-athúsáidte agus málaí

siopadóireachta a athúsáid. Tá iompar poiblí a úsáideann daoine freagrach as thart ar an cheathrú cuid d’astuithe gáis cheaptha teasa an Aontais Eorpaigh. Go hádhúil, tá nuatheicneolaíochtaí ag cuidiú le hiompar a dhéanamh níos cairdiúla. Má laghdaíonn muid trácht agus truailliú, beidh ár gcathracha níos glaine.

FOINSÍ

© Getty Images
https://www.met.ie/ga/climate/climate-change
https://climate.ec.europa.eu/climate-change/consequences-climate-change_ga
https://commission.europa.eu/energy-climate-change-environment/topics/climate-change_ga

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

14611.08 **MV24**